# An tSeachtain Ghuí le hAontacht Chríostaí 2016

## Ordú seirbhíse do ghníomh éacúiméineach an adhartha



© CTBI

churches together IN BRITAIN AND IRELAND©

# I. Tionóil

**Iomann mórshiúil** *Seasann gach duine*

*Tagann siad siúd atá i bhfeidhil ar an gceiliúradh isteach, Bíobla, solas, agus salann á n-iompar acu.*

**Briathra fáilte**

Ceannaire A chairde dile i gCríost, táimid tagtha le chéile i gcomhair an tseirbhís ghuí chun aontachta, i dtreo is go ngabhfaimid buíochas le Dia as an gcúram uasal Críostaí a bhronn sé orainn, faoi mar a dúirt Naomh Peadar: "Ach is cine tofa sibhse, sagartacht ríoga, muintir naofa, pobal a cuireadh ar leithrigh, le go bhfógródh sibh éachtaí an té sin a ghlaoigh as an dorchadas amach oraibh chun a sholais iontaigh féin". Guímid i mbliana i ndlúthpháirtíocht le Críostaithe na Laitvia, a d'ullmhaigh an tseirbhís seo sa tsúil is go bhfásfaimid i gcomaoin lenár dTiarna Íosa Críost agus lenár ndeartháireacha agus lenár ndeirfiúracha ar fad.

*Bheadh fáilte neamhfhoirmeálta oiriúnach ag an bpointe seo chomh maith.*

# II. Paidreacha don Spiorad Naoimh

Ceannaire a Spioraid Naoimh,
tabhartas ón Athair trína mhac, Íosa Críost,
mair ionainn go léir, oscail ár gcroíthe,
agus cabhraigh linn éisteacht le do ghuth.

**Cách** **a Spioraid Naoimh, tar chughainn go léir.**

Ceannaire a Spioraid Naoimh, a ghrá ó Dhia,
foinse na haontachta agus na cráifeachta,
taispeáin dúinn grá Dé.

**Cách** **a Spioraid Naoimh, tar chughainn go léir.**

Ceannaire A Spioraid Naoimh, tine an ghrá,
ionaigh sinn, bain dínn a bhfuil de dheighilt
inár gcroí, inár bpobal, agus inár ndomhan,
agus déan aonad dúinn in ainm Íosa.

**Cách** **a Spioraid Naoimh, tar chughainn go léir.**

Ceannaire a Spioraid Naoimh,
neartaigh an creideamh atá againn in Íosa,
fíordhiagach agus fiordhaonna,
a d'iompar ár bpeacaí deighilte chomh fada leis an gCrois,
agus a thug sinn chun comaoine trína aiséirí.

**Cách** **A Spioraid Naoimh, tar chughainn go léir.**

Ceannaire a Athair, a Mhic, agus a Spioraid Naoimh
mair ionainn,
i dtreo is go mbeimis inár gcomaoin ghrá agus chráifeachta,
déan aonad dúinn in ainm Íosa,
a mhairfidh agus a rialóidh go deo na ndeor.

**Cách** **Áiméan.**

**Amhráin mholta**

## III. Paidreacha Athmhuintearais

*Suítear*

Ceannaire Iarrann Dia orainn teacht chun réitigh agus chun cráifeachta. Casaimís ár n-aigne, ár gcroí, agus ár gcorp chun glacadh le grásta an athmhuintearais i dtreo na cráifeachta.

*Tost*

Ceannaire a Thiarna, chruthaigh tú sinn ar do dheilbh féin,
Maith dúinn nuair nach dtugaimid an ónóir cheart do do dheilbh ionainn
agus don domhan a thug tú dúinn.
*Kyrie eleison. (Is féidir é seo a chanadh)*

**Cách** **Kyrie eleison.**

Ceannaire Íosa, iarrann tú orainn a bheith foirfe,
faoi mar atá ár nAthair neamhaí,
maith dúinn nuair nach mbainimid an caighdeán sin amach,
agus cabhraigh linn a bheith inár ndaoine macánta,
a léiríonn meas ar chearta daonna agus ar an diagacht.
*Christe eleison.*

**Cách** **Christe eleison.**

Ceannaire a Thiarna na beatha, seachas an bás,
a Thiarna na síochána, seachas an cogadh,
a Thiarna an tsolais, seachas an dorchadas,
maith dúinn nuair a dhéantar uirlisí cogaidh, báis agus éagóire dúinn,
agus nuair a theipeann orainn pobail ghrá a thógáil.
*Kyrie eleison.*

**Cách** **Kyrie eleison.**

Ceannaire a Dhia na trócaire,
líon sinn le do ghrásta agus le do chráifeacht.
Déan aspail ghrá dúinn pé áit a dtéimid.
Guímid leis an méid seo trí Chríost, ár dTiarna.

**Cách** **Áiméan.**

## IV. Foilsiú Bhriathar Dé.

Ceannaire Tá Briathar Dé faoi mar a chloisfimid anseo é mar a bheadh spréachadh grá inár saol.
Éistigí agus mairfidh sibh!

**Cách** **Buíochas le Dia.**

### Íseáia 55:1-3

Hóigh, a lucht an íota, tagaigí faoi choinne uisce;
fiú mura bhfuil airgead agaibh, tagaigí;
Ceannaigí cruithneacht agus ithigí gan díol as,
agus fíon agus bainne gan íoc.
Cén fáth a gcaitheann sibh airgead air rud nach arán é agus luach bhur saothair ar rud nach bhfuil sásamh ann?
Éistigí liomsa agus beidh sólaistí le hithe agaibh
agus beidh taitneamh á bhaint agaibh as togha an bhia.
Tugaigí cluas agus tagaigí chugam,
éistigí agus beidh bhur n-anam saolach.
Déanfaidh mé conradh libh, conradh buan an uair seo,
an chomaoin cheanúil a chur oraibh a ba mhinic ag Dáiví.

Léitheoir Éistigí agus mairfidh sibh!

**Cách** **Buíochas le Dia.**

### Salm 145:8-9, 15-16, 17-18

Léitheoir Molfaidh mé d’ainm trí shaol na saol.

**Cách** **Molfaidh mé d’ainm trí shaol na saol.**

Léitheoir Is cineálta an Tiarna agus is trócaireach,
mall chun feirge, agus lán de thrua.
Is grámhar an Tiarna le gach aon neach,
agus tá trua aige do gach dúil dá ndearna sé.

**Cách** **Molfaidh mé d’ainm trí shaol na saol.**

Léitheoir	Bíonn súile gach aon dúile ag feitheamh ortsa,
agus tugann tú bia dóibh in am trátha,
Osclaíonn tú do lámh go fialmhar,
agus sásaíonn tú a bhfuil beo le do chineáltas.

**Cách** **Molfaidh mé d'ainm trí shaol na saol.**

Léitheoir	Is fíréanta an Tiarna ina shlite uile,
agus is naofa é ina oibreacha go léir.
Is gairid é an Tiarna dá ngaireann air,
dá ngaireann air go fírinneach ó chrói.

**Cách** **Molfaidh mé d'ainm trí shaol na saol.**

### 1 Peadar 2:9-10

Ach is cine tofa sibhse, sagartacht ríoga,
muintir naofa, pobal a cuireadh ar leithrigh,
le go bhfógródh sibh éachtaí an té sin
a ghlaoigh as an dorchadas amach oraibh
chun a sholais iontaigh féin.
Níor phobal sibh tráth,
ach anois is pobal Dé sibh;
níor bhain a thrócaire libh tráth,
ach anois tá bainte aici libh.

Léitheoir	Éistigí agus mairfidh sibh!

**Cách** **Buíochas le Dia.**

**D'fhéadfaí iomann a chanadh.**

### Matha 5:1-16

Nuair a chonaic sé na sluaite, chuaigh sé an sliabh suas. Shuigh sé síos agus tháinig a dheisceabail chuige. Thosaigh sé ag caint leo á dteagasc agus dúirt:

'Is méanar dóibh seo atá bocht ó spiorad, óir is leo ríocht na bhflaitheas.

'Is méanar do lucht an dobróin, óir sólásófar iad.

'Is méanar dóibh seo atá ceansa, óir gheobhaidh siad an talamh mar oidhreacht.

'Is méanar dóibh seo a bhfuil ocras agus tart chun na fíréantachta orthu, óir sásófar iad.

'Is méanar do lucht na trócaire, óir déanfar trócaire orthu.

'Is méanar dóibh seo atá glan ó chroí, óir feicfidh siad Dia.

‘Is méanar do lucht síochána a dhéanamh, óir glaofar clann Dé orthu.

‘Is méanar dóibh seo a d’fhulaing géarleanúint mar gheall ar an bhfíréantacht, óir is leo ríocht na bhflaitheas.

‘Is méanar daoibh féin nuair a thabharfar aithis daoibh agus a ghéarleanfar sibh, agus nuair a chuirfear gach sórt drochrud in bhur leith go bréagach mar gheall ormsa. Bíodh áthas oraibh agus gairdeas, mar is mór é bhur dtuarastal ar neamh; óir is mar sin a rinneadh géarleanúint ar na fáithe a chuaigh romhaibh.

‘Is sibhse salann na talún. Ach má éiríonn an salann leamh, cad a dhéanfaidh goirt arís é? Níl tairbhe ann feasta chun rud ar bith, ach é a chaitheamh amach mar a ngabhfar de chosa ann.

‘Is sibhse solas an domhain. Cathair ar mhullach cnoic ní féidir í a cheilt
Ná ní lastar lampa chun é a chur faoi bhéal na peice, ach in airde ar an gcrann solais mar a dtugann sé solas dá mbíonn sa teach. Sibhse mar an gcéanna, bíodh bhur solas ag taitneamh os comhair daoine chun go bhfeicfidís bhur ndeaghníomhartha agus go nglóireoidís bhur nAthair atá ar neamh.

| | |
|---|---|
| Léitheoir | Éistigí agus mairfidh sibh! |
| **Cách** | **Buíochas le Dia!** |

**Seanmóir/homaile**

**Iomann**

## V. Léiriú tiomantais do bheith mar shalann agus mar sholas

*Iarrfaidh an ceannaire an méid seo ar an bpobal:*

D’éisteamar le Briathar Naofa Dé a bhfuil idir urram agus ómós againn dó,
agus tabharfaimid anois linn an Briathar úd amach sa saol mór.
Táimid aontaithe in aon mhisean amháin,
is é sin, go mba sinn Salann na Talún, Solas an Domhain,
ag foilsiú éachtaí an Tiarna.

Mar chomhartha don mhisean coiteann seo a roinnimid le chéile, iarraimid oraibh teacht agus coinneal ar leith a lasadh ón tine seo. Beidh na coinnle lasta go deireadh na seirbhíse agus beagáinín ina dhiaidh.
Agus sibh ag filleadh ar bhur suíocháin arís, iarraimid ort blúire salainn a bhlaiseadh, agus bhur machnamh a dhéanamh ar bhriathra ár dTiarna, a chuir sinn i gcomparáid le salann na talún.

# VI. Paidreacha dóchais

Ceannaire

Is sinne clann uchtaithe Dé,
a thuigeann an misean a tugadh dúinn.
Seolaimís uainn ár bpaidreacha,
a chomharthaíonn an fonn atá orainn a bheith i measc phobail naofa Dé.

*Tost*

Ceannaire

a Dhia an ghrásta,
athraigh ár gcroíthe ó bhonn,
ár dteaghlaigh,
ár bpobail agus ár sochaithe

**Cách** **Beannaigh agus aontaigh do phobal i gCríost.**

Ceannaire

a Uisce na beatha,
múch an triomach a mhaireann inár sochaí.
Triomach measa, triomach grá,
triomach comaoine agus triomach cráifeachta.

**Cách** **Beannaigh agus aontaigh do phobal i gCríost.**

Ceannaire

a Spioraid Naoimh,
a Spioraid na lúcháire agus na síochána,
ceartaigh na deighiltí a chruthaigh airgead agus cumhacht,
agus tabhair sinn chun réitigh i measc éagsúlacht chultúir agus teanga.
Aontaigh sinne, clann Dé.

**Cách** **Beannaigh agus aontaigh do phobal i gCríost.**

Ceannaire

a Thríonóid an ghrá,
a ghlaoigh as an dorchacht amach chun do sholais iontaigh.

**Cách** **Beannaigh agus aontaigh do phobal i gCríost.**

Ceannaire

a Thiarna Íosa Críost,
is é an baisteadh a thugann le chéile sinn,
agus cuirimid ár bpaidreacha le do phaidreacha féin,
sna focail a mhúin tú dúinn.

**Cách** **Paidir an Tiarna**

Ár nAthair atá ar neamh,
Go naofar d'ainm,
Go dtaga do ríocht,
Go ndéantar do thoil ar an talamh mar a dhéantar ar neamh.
Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu,
agus maith dúinn ár bhfiacha
mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin
Ach ná lig sinn i gcathú,
ach saor sinn ó olc,
Áiméan.

Mūsu Tēvs debesīs!
Svētīts lai top Tavs vārds.
Lai nāk Tava valstība.
Tavs prāts lai notiek kā debesīs, tā arī virs zemes.
Mūsu dienišķo maizi dod mums šodien.
Un piedod mums mūsu parādus,
Kā arī mēs piedodam saviem parādniekiem.
Un neieved mūs kārdināšanā.
Bet atpestī mūs no ļauna.
[Jo Tev pieder valstība, spēks un gods mūžīgi.]
Āmen.

## VII. Beannú agus clabhsúr

Ceannaire — An Dia Uilechumhachtach,
Athair, Mac, agus Spiorad Naoimh,
a bheannaíonn na boicht,
agus lucht an dóbróin
iadsan atá ceansa,
lucht an trócaire,
iadsan atá glan ó chroí,
lucht síochána a dhéanamh,
iadsan a d'fhulaing géarleanúint,
go raibh sé oraibh, agus go bhfana sé libh i gcónaí.

**Cách** — **Áiméan.**

**Iomann**

Ceannaire — Bígí mar shalann na talún, bígí mar sholas an domhain.
Go raibh síocháin an Tiarna i gcónaí libh.

**Cách** — **Agus le d'anamsa.**

Ceannaire — Tugaimis comhartha na síochána dá chéile.